Níos Mó Ná Díreach Uimhreacha

# LÁMHLEABHAR MÚINTEORA *'NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA'* TREALAMH UIRLISÍ OIDEACHAIS FAOI IMIRCE AGUS FAOI THEARMANN SAN EORAIP

UNHCR
The UN Refugee Agency
IOM International Organization for Migration

Tá **IOM** tiomnaithe don phrionsabal go mbíonn imirce atá daonnachtúil agus ordúil chun leas imirceach agus na sochaí. Mar chomhlacht idir-rialtasach, feidhmíonn IOM lena chuid comhpháirtithe idirnáisiúnta chun cabhrú chun na dúshláin oibriúcháin maidir le himirce a bhaint amach; tuiscint ar cheisteanna a bhaineann leis an imirce a chur chun cinn; forbairt shóisialta agus eacnamaíoch tríd an imirce a spreagadh; agus dínit dhaonna is folláine imirceach a chothú.

Is eagraíocht neamhpholaitiúil dhaonnúil í **UNHCR**. Is éard is príomhchuspóir di cearta agus folláine teifeach a chosaint. Féachann sí le cinntiú go mbeidh cách in ann an ceart a fheidhmiú ar thearmann a lorg agus tearmann sábháilte a ghlacadh i Stát eile. Cuireann cosaint teifeach an pobal ar an eolas faoi cad is teifeach ann freisin. Tá sé tábhachtach a thabhairt chun cuimhne nach aon bhagairt iad teifigh. Go deimhin féin, déantar bagairt orthu féin.
Le beagnach seasca bliain anuas, tá cabhair tugtha ag UNHCR do thart ar 50 milliún duine chun tús a chur le beatha nua.

## ARNA FHOILSIÚ AG

**IOM**
**Rue Montoyer 40**
**B-1000 An Bhruiséil**
**An Bheilg**

**UNHCR**
**Rue Van Eyckstraat 11B**
**B-1050 An Bhruiséil**
**An Bheilg**


© IOM/UNHCR 2009
Na còraichean uile glèidhte

ISBN 978-92-9068-500-5

## GACH CEART AR COSAINT


Chuir IOM agus UNIHCR a DVD agus an Lámhleabhar i dtoll a chéile mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach faoi chiste Teifeach na hEorpa 2006

***AN DVD***

***Arna Scríobh, Scannánú agus Léiriú ag*** Florence Aigner, Simon Arazi, Valérie Berteau, François Ducat, Laurent Van Lancker, Philippe Witjes ***Arna Eagrú ag*** Simon Arazi ***Ceartúchán datha ag*** Stéphane Higelin ***Meascán fuaime ag*** Sylvain Geoffroy ***Iarléiriúchán ag Polymorfilms and Triangle 7***

***Adelina:*** Le hAdelina, Albina, Elmaze, Muhamed agus an teaghlach in Gjilan, Durgut agus Kadrije
Íomhánna agus fuaim in Kosovo: Adelina et Albina

Ní mór dúinn fíor bhuíochas a ghabhadh le Vania Ramirez, muintir Adelina agus Johnny, oifig caidrimh poiblí Université Libre de Bruxelles.

***Tino:*** Le Tino

Buíochas le Giovani Orlandi, Le Musée de la Mine du Bois-De-Luc, L'Ecomusée du Bois-De-Luc agus an eagarthóir Alan Sutton as cóipeanna den leabhar 'Le Centre' a úsáid, le café du théatre de La Louvière.

***Alfredo & Veronica:*** Le hAlfredo agus Veronica

***Doré:*** Le Doré agus Frauke

Buíochas le Frauke Scheller, Team Chakal

Íomhánna breise ó "Comme un lundi" © Philippe Witjes 2004.

***Rean:*** Le Rean agus Kehan
Íomhánna breise ó Guillaume Van den Berghe
Íomhánna breise ó ionad na dTeifeach 'Le petit Château' © Rean agus ©Polymorfilms/PTTL
Íomhánna breise ó 'Surya' © Polymorfilms
Íomhánna breise ó amharclann © Cinétroupe

Buíochas le Tommy agus Akram.

Is mian linn ár mbuíochas a ghlacadh le gach duine a raibh baint acu le scannánú na bportráid sa DVD.

***AN LÁMHLEABHAR***

***Saineolas oideolaíoch Seachtrach le*** Mounir Zarour
***Dearadh grafach le*** Deniz Kazma
***Aistriúchán le*** ViaVerbia, Saorlaith Ní Bhroin
***Priontáilte ag*** Impression Snel

***Grianghraif: Cás:*** ©Kosaeva ***l..*** 22 ***X-gha:*** ©AFP/Ho ***l..*** 22, 35 ***Bád:*** ©UNHCR/L. Boldrini ***l..*** 22, 35 ***Brionglóid:*** ©Florian/Transparency/Photovoice ***l.*** 29 ***An cuisneoir folamh:*** ©Tatiana/Transparency/Photovoice ***l..*** 22, 30 ***Mo chara:*** ©Hawdin/Transparency/Photovoice ***l..*** 22, 29 ***Comhartha ceiste:*** ©Tatiana/Transparency/Photovoice ***l..*** 22, 29

***Buíochas faoi leith ag*** Anne Bathily, 2bouts asbl (Foued Bellali), Deborah Benarrosch, Mado and Sacha.

***Foireann Polymorfilms:***
Florence Aigner, Simon Arazi, Valérie Berteau, François Ducat, Laurent Van Lancker and Ilse Wijnen

***Rinne*** Ailsa Jones (IOM), Tamara Keating (IOM)
Vanessa Saenen (UNHCR) agus Annabelle Roig (UNHCR) ***athbhreithniúchán ar an DVD is ar an Lámhleabhar***




UNHCR The UN Refugee Agency

IOM International Organization for Migration

Níos Mó Ná Díreach Uimhreacha

# LÁMHLEABHAR MÚINTEORA *'NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA'* TREALAMH UIRLISÍ OIDEACHAIS FAOI IMIRCE AGUS FAOI THEARMANN SAN EORAIP

## RÉAMHFHOCAL 5

## RÉAMHEOLAS FAOI IMIRCE AGUS FAOI THEARMANN 6
- FORBHREATHNÚ GINEARÁLT 7
- NA SAINMHÍNIÚCHÁIN BHUNÚSACHA 9

## *CONAS LEAS A BHAINT AS TREALAMH UIRLISÍ* ‘NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA’ 11
- AN DVD *‘NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA’* 12
- NA CEACHTANNA CRUTHAITHEACHA 12
- UAINIÚ 13
- AOISGHRÚPAÍ 13
- TÉARMAÍOCHT 13

## CEACHTANNA CRUTHAITHEACHA 14

### EOCHAIRCHEACHT: IMIRCE AGUS TEARMANN SAN EORAIP (AN UILE AOIS) 15
- DVD *‘NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA’* PRÍOMHSCANNÁN 16
- SCÉALAÍOCHT NÓ CLUICHE TUAIRIMÍ 20

### CEACHTANNA TÉAMACHA 25
- OIBRITHE IMIRCEACHA (AOIS 15-18) 26
- MIONÚIR GAN TIONLACAN (AOIS 12- 14) 28
- TEARMANN AGUS IMIRCE SNA MEÁIN (AN UILE AOIS) 31
- GÁINNEÁIL AGUS SMUIGLEÁIL (AOIS 15 - 18) 33

## NAISC 37

# RÉAMHFHOCAL

Is éard is '*Níos mó ná díreach uimhreacha*' ann ná trealamh uirlisí faoi imirce agus faoi thearmann san Aontas Eorpach a bhfuil d'aidhm leis cabhrú le múinteoirí agus le hoideachasóirí chun daoine óga a thabhairt isteach i ndíospóireacht fheasach faoin ábhar seo. Oireann sé do dhaoine óga idir aois 12 agus 18.

Tá borradh foisteanach tagtha le scór bliain anuas faoin tábhacht shóisialta agus pholaitiúil a bhaineann le ceisteanna faoi imirce is faoi thearmann, agus lena linn sin, tá gluaiseacht imirceach, iarrthóirí tearmainn agus teifeach ar fud na cruinne feicthe ag an saol mór. San am céanna, tagann fadhbanna a bhaineann le hidirdhealú, le seineafóibe agus le ciníochas chun solais fós, agus is minic a bhíonn siad ag tarraingt teannais i bpobail.

De réir mar a éiríonn sochaithe na hEorpa níos ilchultúrtha, caithfidh muid feasacht a ardú faoi na cúiseanna éagsúla a thugann ar dhaoine a dtíortha féin a fhágáil. Is féidir leis an tuiscint seo cabhrú chun meas ar éagsúlacht a chur chun cinn agus comhtháthú sóisialta a spreagadh. Go mór mór, ní mór breis eolais a scaipeadh ar dhaoine óga, arb iad cinnteoirí an lae amárach iad ach nach mbíonn a gcuid tuairimí faoi imirce is faoi thearmann bunaithe ar fhaisnéis atá de réir fíricí agus cothromaithe i gcónaí.

Ar an ábhar seo, tá an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) agus Ard-Choimisinéir na Ríochta Aontaithe um Theifigh (UNHCR) tagtha le chéile chun an trealamh uirlisí teagaisc seo a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh. Is éard is aidhm leis ná díospóireacht oscailte agus fheasach a spreagadh faoi na ceisteanna tábhachtacha, casta seo.

Tugann an trealamh uirlisí seo an deis do dhaoine óga tuiscint go mbíonn taobh thiar de gach staidreamh gan ainm a bhaineann leis an imirce nó le tearmann aghaidh dhaonna agus scéal pearsanta.

Níos Mó Ná Díreach
Uimhreacha

# RÉAMHEOLAS FAOI IMIRCE AGUS FAOI THEARMANN

- FORBHREATHNÚ GINEARÁLTA
- NA SAINMHÍNIÚCHÁIN BHUNÚSACHA



# FORBHREATHNÚ GINEARÁLTA

## Réamheolas

Bhí daoine de shíor ag imeacht riamh anall, go minic chun a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú, deiseannaníos fearr a thabhairt dá dteaghlaigh agus dá leanaí, éalú ón mbochtaineacht nó teitheadh ó ghéarleanúint, ó éagobhsaíocht agus ó chogadh. Baineann ceisteanna faoi imirce agus faoi thearmann lenár saol laethúil féin breis agus breis, de réir mar a éiríonn sochaí na hEorpa seo againn níos ilchultúrtha agus níos éagsúla, rud a thugann dúshláin agus saibhriú araon don sochaí. Ach cé chomh maith agus a thuigeann muid na ceisteanna seo agus cén fáth a bhfuil siad tábhachtach? Sna leathanaigh ina dhiaidh seo, tá d'aidhm linn na coincheapa móra a shainmhíniú agus na príomhcheisteanna a bhaineann le himirce agus le tearmann san Aontas Eorpach a mhíniú.

## Imirce agus Tearman san AE

### Comhthéacs

Riamh anall, bhi an Eoraip ina mór-roinn ina raibh neart imirce, go mór mór san 18ú agus sa 19ú haois, nuair a d'fhág na mílte an Eoraip chun saol nua a bhaint amach (mar shampla an imirce go Meiriceá nó go coilíneachtaí de chuid na hEorpa).

Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, b'éigean cabhrú le han-chuid teifeach agus daoine easáitithe i ndiaidh na coimhlinte. Rinneadh cuid acu a athshocrú i dtíortha eile de chuid na hEorpa agus chuaigh cuid eile níos faide ar shiúl, ag lonnú i Meiriceá Thuaidh is Theas agus san Astráil mar a raibh éileamh ar oibrithe imirceacha.

Cé gur lean athshocrú teifeach ó Oirthear na hEorpa ar aghaidh le linn bhlianta an Chogaidh Fhuair, b'é Iarthar na hEorpa an ceann scríbe do chatagóirí eile de dhaoine ag imeacht. Ar dtús, bhí de chomharthaí sóirt ar an imirce scéimeanna aoi-oibrithe sna 1950aí agus sna 1960aí, faoinar earcaíodh oibrithe imirceacha chun cabhrú leis na hiarrachtaí tógála i ndiaidh an chogaidh. I dtíortha áirithe de chuid na hEorpa, tháinig treocht nua d'imirce ar an saol de bharr imirce ó choilíneachtaí agus ó iarchoilíneachtaí na hÁise agus na hAfraice.
Sna blianta ina dhiaidh sin, d'éirigh patrúin imirce níos éagsúla amach is amach agus daoine as gach uile chearn den domhan ag teacht ar chúiseanna éagsúla. Sna 1970aí agus sna 1980aí tháinig an-chuid iarrthóirí tearmainn agus teifeach agus iad ag teitheadh ó choimhlint agus ó threascairt ar chearta an duine ina lán áiteanna ar fud an domhain. Sna 1990aí, tar éis do Bhalla Bheirlín titim, tharraing smuigleáil agus gáinneáil daoine sruth imirceach agus teifeach i gcás a bhí neamhrialta agus a bhí thar a bheith leochaileach go minic. De réir mar a neartaigh an tAontas Eorpach rialú ar a chuid teorainneacha seachtracha de réir a chéile, déirígh sé níos deacra do theifigh agus d'imircigh an Eoraip a bhaint amach. Sa lá atá inniu ann, bíonn ar imircigh agus ar theifigh bealaí eile – bealaí níos contúirtí féin go minic – a chur i bhfeidhm chun teacht isteach san Eoraip. Inniu, bíonn a lán daoine ag teacht isteach san Aontas Eorpach mar oibrithe imirceacha a thagann chun ganntanas saothair a líonadh agus deiseanna eacnamaíocha a bhaint amach nó chun an teaghlach a thabhairt le chéile in athuair. Tugann na hathruithe ar dhéimeagrafaíocht an AE ar lucht anailíse a thabhairt le tuiscint de réir mar a théann daonra an AE in aois agus de réir mar a fhanann rátaí breithe íseal go mbeidh ar thíortha de chuid an AE brath níos mó arís ar an imirce chun borradh eacnamaíoch a chothú.

Gabhann a lán oibrithe imirceacha le poist ina bhfuil scileanna ísle i gceist agus nach mbíonn an daonra áitiúil sásta dul ina mbun. Ag an gceann eile, d'fhéadfaí oibrithe imirceacha an-cháilithe a earcú chun dul i mbun post i réimsí ina mbíonn ganntanas sna margaí saothair áitiúla i gceist.

Tagann imircigh don Eoraip inniu freisin ar neart cúiseanna eile, mar shampla chun dul i mbun staidéir nó ar mhaithe le turasóireacht. D'fhéadfadh siad fanacht tréimhsí fada nó gearra nó lonnú go brách.

San am céanna, tugann tíortha de chuid na hEorpa teifigh agus iarrthóirí tearmainn isteach agus iad ag teitheadh ó ghéarleanúint agus ó chogadh agus cuireann siad cosaint ar fáil dóibh.

### Imirce neamhrialta

Bíonn na féidearachtaí teorannta maidir le dul ar an imirce go dleathach don Eoraip. Dóibh siúd nach mbíonn cáilithe maidir le scéimeanna bunaithe (mar shampla, víosaí oibrithe imirceacha) ach a bhfuil géarghá acu fós an imirce a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta nó ar chúiseanna eile, b'fhéidir nach mbeidh de rogha acu ach an imirce neamhrialta. In a lán cásanna, tiocfaidh imircigh a dteastaíonn uathu gluaiseacht don Eoraip isteach san AE ar bhealaí dleathacha (mar shampla mar thurasóir nó mar mhac léinn), agus baint fúthu chomh luath agus a bheidh a víosa nó a gcead iontrála imithe ar éag. Baineann cuid eile nach féidir leo teacht isteach ar an mbealach seo leas as bealaí atá ag éirí níos guiaisí de réir a chéile agus iad ag iarraidh

an Eoraip a bhaint amach. Áirítear le bealaí imirce comónta isteach don AE ag dul trasna ar an Muir Aidriadach nó ar an Meánmhuir i mbád nó teacht isteach thar theorainneacha Oirthear na hEorpa, mar shampla i bhfolach i drucailí.

Is minic nach mbíonn imircigh neamhrialta iomlán feasach faoi na contúirtí a bhaineann lena gcuid turas sula bhfágann siad nó faoin méid atá os a gcomhair tar éis dóibh teacht. Dar le roinnt díobh, is fiú an riosca tomhaiste a bhaineann le taisteal don Eoraip ar bhealach neamhrialta a ghlacadh, le súil go mbeidh saol níos fearr acu.

Le tamall anuas, tá aird tugtha ag Ballstáit an AE ar chosc a chur ar imirce neamhrialta agus neartú rialaithe ag na teorainneacha. Tugann sé seo ar roinnt daoine 'Daingean na hEorpa' a thabhairt mar ainm ar an AE, agus iad ag maíomh nach n-oireann an rialú don chás. Chomh maith leis seo, deir a lán daoine go gcuireann a leithéid de rialú cosc ar iarrthóirí tearmainn agus ar theifigh – daoine a dteastaíonn cosaint idirnáisiúnta uathu – ó thearmann a fháil san AE.

## Imirce mheasctha

Bíonn sé deacair do chuid de theifigh agus d'iarrthóirí tearmainn an tAE a bhaint amach agus bíonn siad ag taisteal dá bharr sin ar na bealaí guaiseacha céanna leis na himircigh neamhrialta. Tharlódh sé gurb é seo an t-aon bhealach amháin do roinnt daoine inar féidir leo teitheadh ó chogadh nó ó ghéarleanúint. Cé gur minic a bhaineann imircigh, iarrthóirí tearmainn agus teifigh leas as an modh ceannann céanna chun teacht isteach don AE, tá riachtanais shonracha ag iarrthóirí tearmainn agus ag teifigh maidir le cosaint de.

## Beartas imirce

San Aontas Eorpach, tá de chumhacht ag Ballstáit a gcuid rialacha féin a shocrú maidir leis an imirce agus bíonn siad seo éagsúil go maith ó thír go tír. Ach, ag leibhéal an AE de, tá cur chuige comónta nó dhó maidir leis an imirce a chlúdaíonn na Ballstáit uile de chuid an AE nó an chuid is mó acu. Tá cur chuige maidir leis an imirce bunaithe go háirithe ar dul i ngleic leis na dúshláin maidir le borradh eacnamaíoch agus ganntanas sa Chun cabhrú le múinteoirí agus le hoideachasóirí a bhaineann leas an trealamh uilisí seo, tá roinnt sainmhíniúchan bunúsacha maidir le téarmaíocht a bhaineann le himirce agus le tearmann breactha síos againn.

## Beartas tearmainn

Aithníonn Ballstáit an AE nach mór dóibh comhoibriú ar cheisteanna a bhaineann le tearmann, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin os a gcomhair amach agus chun cosaint a chur ar fáil do dhaoine a dteastaíonn a leithéid uathu. Dá bharr seo aontaíodh an chéad fhoireann de dhlíthe ceangailteacha a bhunaigh íoschaighdeáin sa chéad chuid den obair chun córas comónta Eorpach maidir le tearmann a bhaint amach (idir 1999 agus 2005). Tá de sprioc curtha ag an AE anois córas comónta a bhunú faoi 2012. Is éard is cuspóir deiridh ann ag leibhéal an AE de ná cinntiú go mbíonn rochtain ag teifigh ar chosaint faoi choinníollacha coibhéiseacha sna Ballstáit uile.

## Fachtóirí brú agus tarraingthe maidir le himirce agus le tearmann

Bíonn fachtóir brú diúltach de ghnáth agus is minic a scuabann sé daoine ar shiúl as tír nó as limistéar. Samplaí is ea coimhlint, géarleanúint, éagobhsaíocht pholaitiúil, éagcothroime shóisialta agus deiseanna eacnamaíocha bochta. Is gnáth le fachtóirí tarraingthe a bheith níos dearfaí, leithéid caighdeáin mhaireachtála níos airde, ionchais oideachais, teaghlaigh ag teacht le chéile in athuair nó pobail níos saoire agus níos sábháilte sna tíortha a bhaintear amach mar cheann scríbe.

Is tarraingteach an áit í an tAontas Eorpach d'imircigh agus do theifigh ar a lán cúiseanna lena n-áirítear ionchais eacnamaíocha, deiseanna gairme, caighdeáin maidir le hoideachas is le sláinte agus urraim do shaoirse agus do chearta bunúsacha.

I gcásanna áirithe, faigheann imircigh agus teifigh amach nach ionann gluaiseacht don Eoraip agus an méid a raibh súil acu leis. D'fhéadfadh sé a bheith deacair d'imircigh agus do theifigh lonnú i measc nósanna agus teangacha nua nó a bheith i bhfad ar shiúl ón teaghlach. Do dhaoine eile, cuireann an Eoraip caighdeán beatha ar fáil nach raibh a leithéid le fáil ina dtíortha dúchais agus socraíonn siad lonnú san Eoraip, ainneoin na ndeacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith os a gcomhair mar dhaoine iasachta. Is dúshláin leanúnacha iad na ceisteanna faoi chomhtháthú agus faoi fháiltiú daoine nua nach mór a thuiscint chomh maith le heolas níos fearr faoi cén fáth a ngluaiseann daoine agus cé as dóibh.

# SÁINMHÍNIÚC HÁIN BHUNÚSACHA[1]

## Athshocrú

Ní i gcónaí a bhíonn teifigh in ann filleadh abhaile go sábháilte nó fanacht sa tír ina bhfuair siad tearmann, de ghnáth toisc go ndéanfaí géarleanúint leanúnach orthu. Ina leithéid de chúinsí, déanann UNHCR iarracht chun iad a athshocrú i dtríú tíortha sábháilte. Le hathdhúichiú deonach agus le comhtháthú áitiúil, tá athshocrú ar cheann de n trí réiteach fadtéarmacha do theifigh. Trí athshocrú, faigheann teifigh cosaint dhlíthiúil - cónaí agus go minic saoránacht faoi dheireadh thiar – ó rialtais a aontaíonn, de réir cásanna, glacadh leo.

## Coinneáil

Srian le saoirse gluaiseachta trí ghéibheann forfheidhmithe aonaráin déanta ag údaráis rialtais. Tá dhá chineál coinneála ann: coinneáil choiriúil, a bhfuil mar aidhm léi pionós as an gcoir a rinneadh; agus coinneáil riaracháin, a ráthaíonn gur féidir beart riaracháin eile mar dhíbirt a chur i bhfeidhm. In a lán stát cuirtear imircigh neamhrialta faoi choinneáil riaracháin ós rud é nach ngéilleann siad do na dlíthe a bhaineann leis an imirce. In a lán stát féadfaidh duine a bheith curtha faoi choinneáil ag feitheamh ar chinneadh faoi stádas imircigh nó faoi ligean isteach don stát nó aistriú as.

## Comhtháthú

Is éard is comhtháthú ann ná próiseas ina nglactar le himircigh agus le teifigh isteach i sochaí. Bíonn comhtháthú ag brath ar chothromaíocht a fháil ina luacha cultúrtha a bhí ann ó thús a urramú agus aitheantas imirceach is teifeach agus aireachtáil a thabhairt dóibh go bhfuil baint acu le háit. (bunaithe ar ghlacadh leis na luacha agus leis na hinstitiúidí bunúsacha sa phobal nó sa tír a ghlacann). Baineann comththáthú leis an uile ghné de shaol sochaí agus imríonn na daoine nua agus an pobal a ghlacann ról tábhacht araon.

## Daoine gan stát

Is duine gan stát duine nach meastar a bheith ina náisiúntach de stát ar bith trí oibriú a gcuid dlíthe.

## Díbirt

Gníomh ag údarás de chuid an stáit leis an aidhm agus leis an éifeacht daoine a dhíbirt in aghaidh a dtola ón limistéar nó ón stát.

## Eadóirseacht

Is éard is eadóirseacht ann nuair a fhaigheann duine nach raibh ina shaoránach nó ina náisiúnach tíre ag am breithe saorántacht nó náisiúnacht. den tír sin.

## Fanacht thar tréimhse

Fanacht i dtír thar an tréimhse dar ceadaíodh isteach thú.

## Filleadh deonach

Duine ag filleadh ar a thír dhúchais de bharr iad a chur in iúl go bhfuil siad toilteanach dul ar ais.

## Gáinneáil

Earcú, ionnarbadh, aistriú, tearmannú nó glacadh daoine trí bhagairt, trí fhoréigean nó trí fhoirmeacha eile de chomhéigin. Baineann na cineálacha is coitianta de gháinneáil le dúshaothrú gnéasach, gáinneáil leanaí agus gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair. Coilleann gáinneáil cearta daonna agus áirítear léi fuadach, calaois, dallamullóg agus mí-úsáid cumhachta duine i suíomh leochaileach.

## Iarrthóir tearmainn

Duine a bhfuil éileamh déanta aige nó aici gur teifeach é nó í agus go bhfuil sé nó sí ag feitheamh go dtí go nglactar leis an éileamh sin nó go ndiúltaítear dó. Níl aon toimhde ar son nó in aghaidh sa téarma – níl ann ach cur síos ar an bhfíric go bhfuil éileamh curtha isteach ag duine éigin. Aithneofar roinnt iarrthóirí tearmainn a bheith ina dteifigh agus tá roinnt eile nach n-aithneofar.

## Imirceach

Cuireann an téarma imirceach síos de ghnáth ar dhuine a dhéanann cinneadh dá dheoin féin gluaiseacht go réigiún nó go tír eile, go minic go coinníollacha ábhartha nó sóisialta níos fearr nó chun ionchais a fheabhsú dóibh féin agus dá dteaghlach. Déanann daoine imirce ar go leor cúiseanna eile freisin.



[1] Foinsí: IOM Glossary on Migration, 2004, IOM Essentials of Migration Management, 2004, UNHCR Protecting Refugees and the Role of UNHCR 2007-2008

## Imirceach neamhrialta

Baintear feidhm as an téarma imirceach neamhrialta mar chur síos ar dhuine nach bhfuil an Stádas dlíthiúil nó na cáipéisí taistil is gá aige chun dul isteach i dtír nó chun fanacht inti. Mar shampla, dul isteach go tír gan phas bailí nó gan cháipéisí taistil nó mainneachtain riachtanais riaracháin a chomhlíonadh chun teacht go tír nó chun í a fhágáil.

## Imirce Eacnamaíoch

Is minic a bhaintear feidhm as imirce eacnamaíoch leis an mbrí chéanna leis an téarma imirce saothair; mar sin féin, tá brí níos leithne ag an téarma seo agus is féidir leis imirce chun feabhas a chur ar chaighdeán beatha maidir le cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha a chlúdach. Is féidir le himirce eacnamaíoch a bheith rialta agus neamhrialta araon.

## Imirce Saothair

Baineann imirce saothair le daoine a bhíonn ag gluaiseacht ar mhaithe le fostaíocht. Cuireann beartais imirce saothair critéir dhochta i bhfeidhm bunaithe ar riachtanais ó thaobh saothair sa tír atá i gceist. San AE tá níos mó tíortha ag glacadh le beartais imirce bunaithe ar phointí chun soláthar saothair ardscileanna amháin a spreagadh. Chomh maith leis sin, tá tíortha áirithe ag iarradh srian a chur anois leis an méid de shaothar le scileanna ísle ó thíortha nach de chuid an AE iad.

## Mionúr gan tionlacan

Is éard is mionúir gan tionlacan ann cailíní agus buachaillí faoi bhun 18 mbliana d'aois, de bhunadh iasachta, a dhéantar iad a dheighilt ón dá thuismitheoir agus nach bhfuil i gcúram duine fásta atá freagrach de réir nóis nó dlí as a bheith ag déanamh amhlaidh. Féadfaidh mionúir gan tionlacan a bheith ina dteifigh, ina n-iarrthóirí tearmainn nó ina n-imircigh. Bíonn leanaí gan tionlacan thar a bheith leochaileach maidir le dúshaothrú de. Déanann Coinbhinsiún 1989 de chuid an UN faoi Chearta Leanaí cearta mionúr gan tionlacan a chosaint.

## Non-refoulement

Is prionsabal bunúsach den dlí idirnáisiúnta a bhaineann le teifigh é non-refoulement, a bhaineann le cosaint teifeach ó bheith curtha ar ais go háiteanna ina bhféadfadh a mbeatha nó a saoirse a bheith faoi bhagairt.

## Rialú

Próiseas ina ligeann tír do dhaoine i gcás neamhrialta stádas dlíthiúil sa tír a fháil.

## Smuigleáil

Cineál gluaiseachta imircigh a dhéantar le haontú an imircigh agus de ghnáth le híocaíocht ón imirceach le hagahidh na seirbhísí smuigleála. Féadfaidh dúshaothrú agus contúirt, agus bás féin, a bheith i gceist le smuigleáil ach níl sí comhéigneach mar atá gáinneáil.

## Teifeach

Cuireann Coinbhinsiún Teifeach 1951 síos ar theifigh mar dhaoine atá taobh amuigh dá dtír dhúchais nó den áit ina bhfuil cónaí orthu de ghnáth agus a bhfuil eagla "le cúis mhaith" orthu roimh ghéarleanúint de bharr a gcine, a gcreidimh, a náisiúntachta, nó a bheith ina mbaill de ghrúpa sóisialta áirithe, nó tuairim pholaitiúil áirithe a bheith acu agus nach bhfuil in ann nó, de bharr na heagla sin, sásta glacadh le cosaint ón tír sin". Meastar daoine ag teitheadh ó choimhlintí nó ó fhoréigeanginearálaithe a bheith ina dteifigh freisin. Níl aon chosaint óna stát féin acu – go deimhin is minic a a bhíonn a rialtas féin ag bagairt géarleanúint a dhéanamh orthu.

## Teaghlaigh ag teacht le chéile in athuair

Próiseas lena dtugtar baill teaghlaigh a dealaíodh óna chéile trí imirce fhorfheidhmithe nó dheonach a thabhairt le chéile in athuair, bíodh sin ina dtír dhúchais nó i dtír eile. Nuair a thugtar an teaghlach le chéile in athuair i dtír nach a dtír dhúcháis féin í, is minic a thugann sé le fios gur imir an stát rud beag de dhiscréid maidir le ligean isteach.

Níos Mó Ná Díreach
Uimhreacha

# CONAS LEAS A BHAINT AS TREALAMH UIRLISÍ *'NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA'*

- AN DVD 'NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA'
- NA CEACHTANNA CRUTHAITHEACHA
- UAINIÚ
- AOISGHRÚPAÍ
- TÉARMAÍOCHT

**Tá an trealamh uirlisí déanta suas de DVD, lámhleabhar múinteoirí agus roinnt cártaí grianghrafadóireachta.**

**Is éard is príomhaidhm leis an trealamh uirlisí ná cabhrú le daltaí ceisteanna a bhaineann leis an imirce agus le tearmann san AE a thuiscint agus an deis a thabhairt dóibh a gcuid tuairimí féin a chur le chéile bunaithe ar fhaisnéis chothromaithe.**

## AN DVD '*NÍOS MÓ NÁ DÍREACH UIMHREACHA*'

Tugann an chéad roghchlár ar an DVD an deis duit teanga a roghnú agus taispeánann sé go huathoibríoch na scannáin uile sa teanga sin.

Tá sé i gceist go mbaintear leas as an DVD leis na ceachtanna cruthaitheacha sa lámhleabhar seo. Chun é a dhéanamh níos éasca, déanann an roghchlár tagairt d'ainm an cheachta. Mar sin, tar éis duit teanga a roghnú, seolfar ar aghaidh go Roghchlár leis na míreanna seo a leanas thú:



**CEACHT BUNÚSACH**
Scannán 30 nóiméad le trí portráidí ina bhfuil gnéithe áirithe d'imirce agus de thearmann.



**OIBRITHE IMIRCEACHA**
Scannán 15 nóiméad le dhá phortráid d'imircigh eacnamaíocha.



**MEÁIN**
Físeán 2 nóiméad gan tráchtaireacht a thaispeánann imircigh agus teifigh ag teacht i láthair ar bhád.



**GÁINNEÁIL AGUS SMUIGLEÁIL**
Sliocht 5 nóiméad as an príomscannán ag caint faoi smuigleáil.



**PORTRÁIDÍ**
Tugann an rannán seo an deis duit breathnú ar na cúig portráidí ina gceann agus ina gceann.

## CEACHTANNA CRUTHAITHEACHA

Tá sé i gceist go mbaintear leas as na ceachtanna cruthaitheacha leis an DVD agus san ordú is san uainiú a mholtar sa trealamh uirlisí seo, agus is féidir iad a mhúineadh mar cheachtanna iontu féin freisin nó mar chuid d'ábhair an churaclaim ar nós staire, tíreolaíochta, ealaíne, ...

**Baintear leas as na deilbhíní anseo thíos sa lámhleabhar:**

 Múinteoir ag labhairt leis na daltaí

 Múinteoir ag cur ceist ar na daltaí

 Ceacht le hábhar

 Ceacht le grianghraif

 Ceacht léitheoireachta

## UAINIÚ

Ó cheart, ba cheart an Ceacht Bunúsach a ghabháil de láimh i seisiún dúbailte leanúnach (+/- 90 nóiméad). Is seisiúin shingilte na ceachtanna téamacha uile (+/- 45 nóiméad) cé is moite den cheacht faoi Oibrithe Imirceacha a mhaireann 30 nóiméad.

Moltar go mbaintear leas as an gCeacht Bunúsach le ceacht téamach amháin ar a laghad.

Má bhíonn tú gann ar am, is féidir na portráidí a thaispeáint ina n-aonar. Ach moltar go dtaispeánann tú dhá phortráid ar a laghad, ceann faoi imirceach agus ceann faoi theifeach agus ina ndiaidh céim amháin ar a laghad den Ceacht Bunúsach.

## AOISGHRÚPAÍ

Dearadh an trealamh uirlisí do dhaltaí idir 12 is 18 mbliana d'aois.
Nuair is gá, cuirtear na ceachtanna in oiriúint do dhá aoisghrúpa: 12 – 14 agus 15 – 18.
Tugtar an oiriúnacht maidir le haois le fios do gach ceacht.

## TÉARMAÍOCHT

Agus imirce agus tearmann á bplé, tá sé tábhachtach go mbaintear leas as an téarmaíocht cheart chun a chinntiú go mbíonn tuiscint ann agus chun faisnéis chothromaithe a chur ar fáil. Ar an ábhar seo, cuireadh sainmhíniúcháin bhunúsacha leis an réamhrá le tagairt dóibh agus an trealamh uirlisí á úsáid.

**Eoraip:** Mura sonraítear a mhalairt, baintear leas as an téarma Eoraip le tagairt a dhéanamh don Aontas Eorpach.

Níos Mó Ná Díreach Uimhreacha

# CEACHTANNA CRUTHAITHEACHA

# CEACHT BUNÚSACH: IMIRCE AGUS TEARMANN SAN EORAIP

Is éard atá sa cheacht bunúsach seo ná réamheolas ginearálta faoi imirce agus faoi thearmann san Eoraip agus tabharfaidh sé scéalta fíora faoi dhaoine do na daltaí.

Uainiú: Seisiún dúbailte +/-90 nóiméad (is féidir é a bhriseadh síos mar dhá sheisiún shingilte freisin le seachtain ar a mhéid idir an dá cheann).

**CÉIM 1: AG BREATHNÚ AR AN BPRÍOMHSCANNÁN AR AN DVD**

**CÉIM 2: AG TUISCINT IMIRCE AGUS TEARMAINN**

**CÉIM 3: SCÉALAÍOCHT (AOIS 12 – 14) NÓ CLUICHE TUAIRIMÍ (AOIS 15 – 18)**

**_Cuspóirí Ginearálta_**

*- Tuiscint a léiriú ar chúrsaí imirce agus tearmainn*

*- A bheith in ann tuairimí a nochtadh agus smaointeoireacht chriticiúil a léiriú faoi cheisteanna a bhaineann le himirce, le féiniúlacht agus le ciníochas*

## ● CÉIM 1 AG BREATHNÚ AR AN BPRÍOMHSCANNÁN AR AN DVD (30 nóiméad)

**Aoisghrúpaí:** an uile aois

**Riachtanais**

- Inneal DVD le Teilifís nó Ríomhaire Pearsanta nó Teilgeoir agus Scáileán.

*Bíonn na daltaí ag breathnú ar an bpríomscannán ar roghchlár an Cheachta Bhunúsaigh sa DVD: Taispeánann sé 3 portráidí a dtugtar achoimre ghearr orthu anseo thíos. Tá an scannán sa bhunteanga le fotheidil.*

**Achoimre ghearr ar na portráidí sa DVD**

**Rean, 32, as an Iaráin, teifeach**

In aois 22 di, pósann Rean agus fágann an Iaráin lena fear céile, ar lorg breis saoirse agus chun tús a chur le saol nua. Tá súil acu na Stáit Aontaithe a bhaint amach ach diúltaítear dá n-iarratais le haghaidh víosa agus beartaíonn siad dul don Eoraip. Baineann turas fada deacair dóibh ina dhiaidh seo. Chun an Eoraip a bhaint amach, íocann siad smuigléirí chun cabhrú leo dul trasna ar theorainneacha. Bhain siad an Eoraip amach faoi choinníollacha géara.

Ar theacht ann dóibh, iarrann siad tearmann. Ar feadh seacht mbliain ina dhiaidh seo, fanann Rean agus a fear céile chun go ndéantar a stádas a shocrú. Caitear na blianta seo in ionad glactha d'iarrthóirí tearmainn ina mbíonn saol crua agus an b'fhéidir ann go ndéantar tearmann a dhiúltú dóibh agus iad a ionnarbadh ar ais don Iaráin. Le linn di a bheith san ionad, sáraíonn Rean an t-uaigneas agus an deacracht a bhaineann lena saol ó lá go lá trí chairde nua a dhéanamh agus páirt a ghlacadh i dtionscadail a bhaineann le healaíon agus le dráma.

De réir mar a imíonn an t-am thart, scarann Rean agus a fear chéile óna chéile. Déanann Rean iarratas nua ar thearmann léi féin, bunaithe ar an gcás seo. I ndeireadh na dála, tugtar stádas tearmainn di ós rud é nach nglacfaí le bean cholscartha i sochaí na hIaráine, agus go mbeadh an riosca ann go ndéanfaí géarleanúint níos measa uirthi. Inniu, tá cúl tugtha leis an ionad ag Rean agus tá sí ina cónaí go sona sásta lena céile nua agus a mac nuabheirthe Kehan.

**Doré, 24, as Congo-Brazzaville, imirceach**

Tagann Doré don Eoraip as Congo-Brazzaville in aois 18 dó, tréigthe ag a mháthair. Cé go gcónaíonn sé le gaolta dá chuid ina dhiaidh sin, ní bhíonn caomhnóir dlíthiúil aige riamh agus ní féidir leis stádas buanchónaitheora a fháil. Níl aon phas aige agus tá sé ag fanacht san Eoraip faoi láthair faoi víosa mac léinn in-athnuaite.

Is cleasghleacaí den scoth é Doré agus bíonn club á reáchtáil do dhaoine óga aige freisin. Ba mhaith leis a bheith ina mhúinteoir spóirt. Is eachtrannach í Frauke, a céile, freisin ach is as Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh di. Ba mhaith leo clann a bheith acu.

**Adelina, 27, as an gCosaiv, teifeach, eadóirsithe ansin**

Shroich Adelina an tAontas Eorpach in aois 10 di, nuair a bhí cúrsaí polaitiúil sa Chosaiv ag dul in olcas. Cuireadh an-bhrú polatiúil ar Ghiilan ina phost. Agus é ag aireachtáil nach bhfuil coimhlint i bhfad ar shiúl, d'fhág sé an baile chun tearmann a iarraidh.

Sa tír nua is baile dó, tugtar stádas teifigh dó agus faigheann sé obair i monarcha éisc. Ina dhiaidh sin, tagann a bhean agus a bheirt iníon as an gCosaiv chuige faoi scéim chun teaghlaigh a thabhairt le chéile in athuair. Baineann siad siúd stádas teifigh amach freisin.

Inniu tá Adelaine ina mac léinn ag cur críche lena céim sa síceolaíocht. Tá saoránacht sa tír nua di anois aici. Sa phortráid, filleann sí ar an gCosaiv chun cuairt a thabhairt ar a teaghlach agus ar a tír dhúchais den chéad uair le 17 mbiana anuas. Cuireann sí mothúcháin áirithe in iúl ceangailte leis an bhfilleadh seo agus iarrann sí samhlú cén dealramh a bheadh ar an saol dá mba rud é nár éalaigh a muintir ón gcogadh.



## CÉIM 2 AG TUISCINT IMIRCE AGUS TEARMAINN (30 nóiméad)

### PAS 1

*Roinn an rang i dtrí grúpaí agus ceap príomhphearsa i ngach ceann acu.*

*Iarr ar na daltaí míniú go gairid cén fáth ar ghluais siad, cén cás (dlíthiúil) a bhí os a gcomhair agus an méid a bhain dóibh d'imirce agus de leatrom.*

*Bain leas as an bpríomhphearsa chun cabhair a thabhairt, go mór mór do na daltaí is óige.*

*Ba cheart do gach grúpa a n-achoimre a chur faoi bhráid an ranga ansin.*

### PAS 2

*Scríobh na téarmaí seo a leanas ar an gclár dubh:*

iarrthóir tearmainn
imirceach
teifeach

*Iarr ar na daltaí an eol dóibh aon cheann de na téarmaí agus iad a mhíniú. Ag baint leasa as an réamheolas agus as na sainmhíniúcháin bhunúsacha, mínigh na téarmaí go cruinn don rang.*

### PAS 3

*Anois tabhair míniúchán ginearálta faoi imirce agus faoi thearmann (ag tagairt don réamheolas sa lámhleabhar).*
*Seo gnéithe breise ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh:*

- *Tabhair faoi deara go n-imíonn daoine go neart áiteanna éagsúla, ar fud an domhain, ní hamháin don Eoraip.*
- *Tá cónaí ar bhreis agus 200 milliún duine taobh amuigh dá dtír dhúchais, is ionann é seo agus thart faoi 3% de dhaonra an domhain.*

- *Is teifigh thart faoi 10 milliún acu, ag teacht ón Afraic agus ón Áis den chuid is mó.*
- *Maidir le teifigh, fanann an chuid is mó acu ina réigiúin dhúchais, ar minic iad na tíortha is boichte sa domhan. Mar shampla: Afganastánaigh ina gcónaí sa Phacastáin, Iarácaigh ina gcónaí sa Siria, Súdánaigh ina gcónaí i Sead...*[2]
- *Bíonn imircigh eacnamaíocha ag gluaiseacht i ngach réigiún den domhan; gluaiseann cuid go mór-ranna eile agus cuid eile taobh istigh dá mór-roinn nó dá réigiún féin. Mar shampla: Fo- Shaháraigh agus Afracaigh Thuaidh ag imeacht don Eoraip, Meicsicigh ag dul go na Stáit Aontaithe, oibrithe as an Áis (Filipínigh, Srí Lancaigh, Bangladéisigh srl) ag dul go stáit na Murascaille, nó Sínigh ag dul don Astráil srl.* [3]
- *Bíonn daoine ag imeacht ar neart cúiseanna, lena n-áirítear an méid a pléadh sa DVD.*

## ● PAS 4 SCÉALTA PEARSANTA

*Anois, iarr ar 3- 4 de dhaltaí míniú cad as a tháinig a muintir agus cén fáth ar ghluais siad (ba cheart scéalta idirnáisiúnta agus áitiúla araon a roghnú)*

*Cé a tháinig as tír eile? As mór-roinn eile?*
*Cé a tháinig as tír eile?*
*Cé a tháinig as baile eile? As comharsnacht eile?*

### *Obair bhaile a mholtar*

*Iarr ar na mic léinn bunadh a mhuintire a lorg chomh fada siar agus is féidir, fiú mura bhfuil i gceist ach gluaiseacht réigiúnach.*
*Ba cheart dóibh mapa dá gcuid féin dá dteaghlach féin a tharraingt (ar ais chuig na seantuismitheoirí ar a laghad).*
*Ba cheart dóibh freisin an bhliain agus na cúiseanna leis an ngluaiseacht sin a fháil amach agus a bhreacadh síos agus b'fhéidir faigh amach ar ghluais daoine eile den teaghlach freisin agus na údair leis. Más drogall le ceann ar bith de na daltaí na fáthanna a lua nó.*



[2] Tabhair faoi deara nach liosta cuimsitheach é seo agus nach dtugann sé ach roinnt samplaí.
[3] Idem

# SCÉALAÍOCHT (AOIS 12 - 14)
# NÓ CLUICHE TUAIRIMÍ (AOIS 15 - 18)

Ag an tráth seo moltar roghanna éagsúla don dá aoisghrúpa. Tá sé i gceist i ngach cás go nochtfaidh na daltaí a gcuid tuairimí faoi imirce agus faoi thearmann. Déanfaidh na daltaí is óige (aois 12 – 14) an ceacht Scéalaíochta agus moltar an Cluiche Tuairimí le haghaidh na ndaltaí is sine (aois 15 – 18).

## PAS 3A SCÉALAÍOCHT

**Uainiú: 30 nóiméad**

### Aois 12-14

*Sa cheacht seo, bainfidh na daltaí leas as a gcumas samhlaíochta chun scéalta áirithe a chur i dtoll a chéil faoi imircigh, iarrthóirí tearmainn nó faoi theifigh, bunaithe ar ghrianghraif agus ar eochairfhocail.*

### Cuspóirí Sonracha

*- A bheith in ann na téarmaí a d'fhoghlaim siad a bhaineann leis an imirce agus le tearmann a chur in bhfeidhm i gceart*
*- Tuiscint a léiriú ar chúinsí imirceach, teifeach agus iarrthóirí tearmainn trí iad féin a shamhlú i gcúinsí den chineál sin*
*- Smaointeoireacht chriticiúil a léiriú faoi steiréitíopaí agus faoi thoimhdí gnéasacha agus eitneacha.*

### Riachtanais

*6 ghrianghraf a chuirtear ar fáil sa trealamh uirlisí:*
*- 3 íomhá den imirce agus de thearmann (a léirítear sna meáin go ginearálta).*
*- 3 íomhá a glacadh ag mionúir gan tionlacan.*

## TREOIR FAOIN gCLUICHE

**Déan an rang a roinnt suas i gceithre grúpaí. Bíonn ar gach grúpa seasamh os comhair an ranga agus scéal samhlaíochta a insint faoi imirce nó faoi theifeach, sa chéad phearsa. Chun cabhrú leo, tugtar ceann de modhanna scéalaíochta seo thíos do gach grúpa.**

**Cuireann an chéad dalta i ngach grúpa tús leis an scéal, agus ní mór don chéad dalta eile sa ghrúpa céanna cur leis. Tugann an dalta deireanach sa ghrúpa sin an scéal chun críche. Ina dhiaidh sin, tosaíonn an chéad ghrúpa eile scéal, ag baint leasa as modh eile. Ba cheart gach modh a imirt dhá bhabhta ar a laghad.**

**Tá sé tábhachtach go leanann gach dalta ar aghaidh lena c(h)uid féin den scéal le gnéithe a thug na daltaí rompu dóibh agus nach n-athraíonn siad treo scéal an ghrúpa scun scan. Ach ba cheart go mbeadh scéal gach grúpa ar leith difriúil. I ngach Scéal, ba cheart go mbeadh daoine (teifigh agus/nó imircigh), gníomhartha agus áit.**

**Roimh thosú, ba cheart don mhúinteoir sraith focal bunúsacha a bhreacadh síos ar pháipéar agus iad a chur i mbosca:**

***Arm, bochtaineacht, cosaint, deis, díbirt, eagla, filleadh, géarleanúint, ionad glactha, obair, oibrí séasúrach, oideachas, pas, smuigléir, teaghlach ag teacht le chéile in athuair, tearmann, teorainn, tuismitheoirí, víosa turasóra.***

## PAS 1 CUIMHNE

Tabhair cuireadh don chéad ghrúpa scéal a chumadh, ag baint leasa as gnéithe is cuimhin leo ón bpríomhscannán.

## PAS 2 FOCAIL BHUNÚSACHA

Tabhair cuireadh don dara grúpa scéal a chumadh, ag baint leasa as roinnt focal bunúsacha, arna roghnú as bosca nó arna dtabhairt dóibh ag an múinteoir. Iarr ar an dalta brí an fhocail a mhíniú nó féachaint an bhfuil gá le míniúchán (mar shampla, ionad dúnta, tearmann, ...) Baineann gach dalta leas as an bhfocal bunúsach chun a gcuid féin den scéal a chumadh.

## PAS 3 GRIANGHRAIF


Tabhair cuireadh don tríú grúpa leas a bhaint as na grianghraif atá curtha ar fáil sa lámhleabhar chun scéal a insint.


©UNHCR / L. Boldrini


©Hawdin/Transparency/ Photovoice


©Tatiana/Transparency/ Photovoice


©APF


©Kosaeva


©Florian/Transparency/Photovoice

## PAS 4 GRIANGHRAIF AGUS FOCAIL BHUNÚSACHA

Tabhair cuireadh don cheathrú grúpa scéal a insint, ag baint leasa as na focail bhunúsacha agus as na grianghraif.

## PAS 5 ACHOIMRIÚ

Tar éis an chluiche, cuir ceist ar na daltaí:
- An raibh sé furasta a dhéanamh nó a mhalairt
- Cé acu ar bhain siad leas as eolas a bhí acu cheana féin nó as rud éigin a d'fhoghlaim siad ón trealamh uirlisí

### *Obair bhaile*

*Lig do na daltaí 3 eochairfhocal agus grianghraf amháin as an trealamh uirlisí a roghnú agus iarr orthu scéal faoi imirceach nó faoi theifeach a bhreacadh síos sa chéad phearsa.*

## CÉIM 3B CLUICHE TUAIRIMÍ

Cuireann an cluiche tuairimí bealach gníomhach ar fáil chun daltaí a spreagadh chun díospóireacht a dhéanamh go criticiúil agus a gcuid tuairimí a nochtadh faoi na pointí a pléadh sa trealamh uirlisí. Cuireann an ceacht seo ceisteanna a bhaineann le haitheantas, le ciníochas agus le seineafóibe i láthair freisin.

**Aois 15 - 18**

**Cuspóirí Sonracha**

- A bheith in ann smaointeoireacht chriticiúil a léiriú agus tuairimí á bplé sa rang
- A bheith in ann tuairimí a fhorbairt agus a nochtadh le linn díospóireachta sa rang

**Riachtanais**

- Seomra ranga folamh
- Liosta ráiteas

**Uainiú: 30 nóiméad**

### PAS 1 ULLMHÚCHÁN

*Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh agus trí "tuairimí", "ráitis" nó "breithiúnais" ar a laghad a thiomsú. faoi imircigh, faoi iarrthóirí tearmainn agus faoi theifigh, ó na meáin, a bhfuil timpeall orthu féin nó de réir a dtuairimí féin (ó chaomhach go forásach).*

*Chomh maith leis seo, ullmhaigh liosta ráiteas duit féin – d'fhéadfaí roinnt a thabhairt ón DVD (tugtar moltaí anseo thíos freisin).*
*Is féidir feidhm a bhaint as gach tuairim nua a nochtann dalta le linn díospóireachta sa chluiche mar ráiteas nua freisin. Caithfear na ráitis a dhéanamh sa chéad phearsa i gcónaí, dála na bhfreagraí uile le linn na díospóireachta.*

*Ba cheart rátis mholta a bhreacadh ar pháipéar agus a chur i mbosca:*

- Mar bhean ní ligtear dom mé féin agus mo chuid tuairimí a chur in iúl i mo thír dhúchais, bíonn orm fágáil agus tearmann a iarraidh chun a bheith in ann seasamh le mo chuid tuairimí agus mé féin a nochtadh.
- Ní ciníoch mé ach má ghlacaim le himircigh i mo thír féin, ba cheart dóibh ár dteanga agus ár gcultúr a fhoghlaim.
- Ceapaim go bhfuil dóthain dífhostaíochta sa tír seo agus nár cheart dúinn breis imirceach a ligean isteach.
- Caithfidh an ceart a bheith ag cách dul go haon áit is mian leo.
- Sa sochaí seo againn, ní hann duit ach nuair a dhéantar tú a eadóirsiú go hoifigiúil.
- Tá gach uile imirceach gan pháipéir neamhrialta agus ba cheart iad iad a chur ar ais.

## PAS 2 ROGHANNA DÍOSPÓIREACHTA

*Chun tús a chur leis, bíonn gach duine ina sheasamh i lár an tseomra (an crios neodrach). Tarraing ráiteas amháin as an mbosca agus léigh é. Gabhann na daltaí ina dhá dtaobh ansin: an dream a aontaíonn leis an ráiteas agus an dream nach n-aontaíonn (gach taobh go ceann ar leith den seomra). Ní cheadaítear do dhaltaí ach aontú nó gan aontú: níl aon ach nó má i gcesit. Bíonn orthu feidhmiú láithreach agus dearcadh a roghnú. Baineann gach duine a bhrí féin as an ráiteas ar a mbealach féin. Ní chuirtear aon mhíniúcháin ar fáil.*

*Nuair a bheidh taobh roghnaithe ag cách, ba cheart tús a chur le díospóireacht, le taobh an mhionlaigh ag labhairt ar dtús. Ba cheart do dhaltaí a ndearcadh féin a chur in iúl ina nduine agus ina nduine. Ba cheart an deis a thabhairt don taobh eile freagra a thabhairt gan ullmhú. Chomh luath agus a bheidh taobh an mhionlaigh críochnaithe lena gcuid argóintí, is féidir le taobh an tromlaigh a gcuid tuairimí a nochtadh ar an modh céanna.*

*Ceaptar tuairisceoir an taobh le gach ráiteas nua (Mionlach agus Tromlach). Le linn na ndíospóireachtaí éagsúla, ba cheart do na tuairisceoirí seo na tuairimí, na híomhánna agus na focail is tábhachtaí as a mbaintear feidhm mar thacaíocht le hargóinmt a bhreacadh ar an gclár dubh.*

## NA POINTÍ IS TÁBHACHTAÍ

- Ní hann do fhreagra 'ceart' nó cearr'. Baineann an ceacht le tuairimí, fiosrú pearsanta agus grúpa agus smaointeoireacht chriticiúil.
- Is féidir le daltaí aistriú don taobh eile le linn na díospóireachta nó fiú ina diaidh ach díreach tar éis a chur in iúl cén fáth ar athraigh siad a n-aigne – arís, ag baint leasa as freagraí sa chéad phearsa.
- Agus tuairim á nochtadh aige, ní féidir le dalta ach labhairt ó dhearcadh pearsanta "Ceapaim…", "Is dóigh liom…", "Tá a fhios agam…".
- Feidhmíonn an múinteoir mar mhodhnóir agus ba cheart dó fanacht neodrach. Ba cheart feidhm a bhaint as ceisteanna agus as ráitis chun an díospóireacht a spreagadh agus chun cabhrú léi coinneáil ar aghaidh: mar shampla "Cá bhfios duit…, cad atá i gceist agat… an dtuigim i gceart go… nach bréagnú an méid seo…" srl.

## PAS 3 ACHOIMRIÚ

*Chun críoch a chur leis, ba cheart do na tuairisceoirí achoimre ar a gcuid tuairimí a chur i láthair. Bain feidhm as na tuairisceoirí chun béim a chur ar bhréagnú, ar chosúlachtaí agus ar idirdhealú. Déan iarracht dúshlán a thabhairt do dhaltaí faoina mbealaí smaointeoireachta agus tabhair misneach do na daltaí a gcuid tuairimí a roinnt. Déan braislí argóintí leis na daltaí. Ag baint leasa as na nótaí, déan iarracht conclúid a tharraingt as an díospóireacht (gan breithiúnas a thabhairt!).*

***Ba cheart go gcuirfí na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí:***

*Cad a thug tú faoi deara le linn na díospóireachta?*
*Ar athraigh do chuid tuairimí?*
*Ar aimsigh tú bealach smaointeoireachta eile?*
*An dtugann ráitis áirithe oilbhéim?*
*An raibh tú ar thaobh an tromlaigh den chuid is mó?*
*An raibh tú mothúchánach nó réasúnach i do chuid argóintí?*

**Obair bhaile**

*Iarr ar dhaltaí tuairisc phearsanta a thabhairt ar cheann de na hargóintí ón díospóireacht nach réitíonn siad léi.*

Níos Mó Ná Díreach Uimhreacha

# CEACHTANNA TÉAMACHA

- OIBRITHE IMIRCEACHA (AOIS 15 - 18)
- MIONÚIR GAN TIONLACAN (AOIS 12 - 14)
- TEARMANN AGUS IMIRCE SNA MEÁIN (AN UILE AOIS)
- GÁINNEÁIL AGUS SMUIGLEÁIL (AOIS 15 - 18)

# OIBRITHE IMIRCEACHA

Sa cheacht seo, cuirtear na daltaí ar an eolas faoi ghlúine éagsúla d'imircigh eacnamaíocha agus pléann siad cén fáth a mbíonn daoine ag gluaiseacht ar mhaithe le hobair.

**Uainiú: 30 nóiméad**

**Aois 15-18**

**Cuspóirí**

*- A bheith in ann caint faoi imirce eacnamaíoch san am a caitheadh agus san am i láthair.*

*- A bheith in ann tuiscint a léiriú ar an éileamh ar oibrithe imirceacha san Eoraip faoi láthair.*

**Riachtanais**

*- Inneal DVD le Teilifís no Ríomhaire Pearsanta nó Teilgeoir agus Scáileán.*

## PAS 1 AG BREATHNÚ AR AN SCANNÁN FAOI OIBRITHE IMIRCEACHA

*Taispeáin na portráidí faoi oibrithe imirceacha (15 nóiméad).*

### Achoimre ar na portráidí sa DVD:

**Tino, 76, Iodálach, imirceach ón Dara Cogadh Domhanda**

Tá Tino ar scor. Tháinig sé chun na Beilge in 1949 faoi scéim chun teaghlaigh a thabhairt le chéile in athuair: bhí a athair ann cheana féin agus é ag obair mar mhianadóir.

Agus é ag éalú ón nganntanas san Iodáil tar éis an chogaidh in aois 16 dó, b'é Tino an duine a b'óige de chuid na hIodáile a chuaigh ag obair sa mhianach. Phós sé bean as an mBeilg ina dhiaidh sin, lena raibh gasúir aige. Chuaigh sé ag obair sna monarchana ina dhiaidh sin.

Baineann Tino leis an gcéad dream d'oibrithe imirceacha a bhí ag teastáil le linn na hatógála san Eoraip i ndiaidh an chogaidh. Bhí saothar thar a bheith gann i dtíortha áirithe ar nós na Gearmáine, na Fraince agus na Ríochta Aontaithe agus b'éigean dóibh scéimeanna a chur i bhfeidhm chun cuireadh a thabhairt d'oibrithe imirceacha. Tháinig daoine as gach cearn den Eoraip agus as mór-ranna eile freisin.

**Alfredo, 33 and Veronica, 32, Meicsicigh, oibrithe imirceacha thar a bheith cáilithe**

Is dochtúirí araon iad Alfredo agus Veronica. Tá siad pósta agus tá siad san Eoraip le bliain anuas i ndiaidh d'Alfredo tairiscint oibre a fháil i dtaighde síciatrach, a speisialtóireacht féin.

Bhíodh Veronica, ar deirmeolaí í, ag obair in ospidéal agus bhí ionad leighis dá cuid féin i Meicsiceo aici. Ar an drochuair, ní aithnítear a cáilíochtaí acadúla san Eoraip agus ní féidir léi feidhmiú mar dhochtúir. Mar sin féin, tá obair aimsithe aici.

Chonaic Alfredo agus Veronica araon athruithe nach raibh aon choinne acu leo: costas maireachtála ard le hais a dtuarastal ina n-iomláine, an deacracht a bhaineann le haimsiú cóiríochta, a bheith i bhfad óna muintir, srl.

Is samplaí iad Alfredo agus Veronica de na hoibrithe atá thar a bheith cáilithe agus a bhuil ag teastáil ón ón Aontas Eorpach chun na bearnaí i margadh saothair na hEorpa a líonadh. Tá gá le hoibrithe le scileanna arda agus ísle araon i neart tíortha de chuid an AE.

## PAS 2 TUISCINT

*Cuir roinnt ceist oscailte.*

Níl freagraí cinnte ar na ceisteanna seo; ba cheart go gcuirfeadh siad tús le díospóireacht. Is féidir leas a bhaint as an eolas sa trealamh uirlisí chun an díospóireacht a threoshuíomh agus a mhaolú. Is féidir tagairt a dhéanamh do na portráidí agus don fhaisnéis a tiomsaíodh le linn an cheachta bhunúsaigh freisin.

Chomh luath agus a bheidh an díospóireacht thart, tabhair achoimre ghearr ar an díospóireacht agus déan giorrúchán ar na príomhcheisteanna, lena n-áirítear na hargóintí ar son agus in aghaidh an ghá le hoibrithe imirceacha agus faoi thionchar na díospóireachta ar chomhthathú agus ar fhrithleatrom.

1. Cén fáth a mbíonn daoine ag gluaiseacht ar mhaithe le hobair? Cad iad na hoibreacha a mbíonn daoine ag gluaiseacht lena n-aghaidh? (Déan tagairt don phortráid nó do shamplaí de do chuid féin -mar shampla, teaghlach, cairde).

**TASCAI LE hAGHAIDH FREAGRAÍ**

Coinníollacha sóisialta agus eacnamaíocha bochta sa bhaile, éileamh ar oibrithe le scileanna arda agus ísle araon, conarthaí sealadacha agus obair shéasúrach, ag iarraidh bheith leis an teaghlach, tacú leis an teaghlach thiar sa bhaile trí íocaíochtaí.

2. Cad iad na cúinsí a thagann os comhair oibrithe imirceacha nuair a ghluaiseann siad go tír nua ar mhaithe le hobair? An mbíonn sé furasta post a fháil? An mbíonn siad ag obair sa ghairm chéanna lenar ghabh siad ina dtír dhúchais? Cad iad na ceisteanna a d'fhéadfadh éirí d'imircigh maidir le cáipéisí, aitheantas cáilíochtaí agus a leithéidí? (Déan tagairt do na portráidí nó do shamplaí de do chuid féin -teaghlach, cairde).

**TASCAI LE hAGHAIDH FREAGRAÍ**

Fáil cáipéisí, aitheantas cáilíochtaí, fadhbanna ó thaobh teanga, aimsiú cóiríochta, leasa sóisialacha, aitheantas ceart.

3. Conas a mheastar oibrithe imirceacha i do thír féin agus san Eoraip i gcoitinne?
Cad iad na tuairimí diúltacha a d'fhéadfadh a beith ag daoine faoi oibrithe imirceacha?
Cad iad na tuairimí dearfacha a d'fhéadfadh a bheith ag daoine? Cad a cheapann tú féin?

**TASCAI LE hAGHAIDH FREAGRAÍ**

Tuairimí diúltacha: glacann siad ár gcuid post féin, faigheann siad sochair agus leasa, níl siad cosúil linn féin. Tuairimí dearfacha: Líonann siad poist atá folamh, cabhraíonn siad le geilleagar na tíre, íocann siad cáin, saibhríonn siad ár sochaí trí éagsúlacht chultúrtha.

### CEISTEANNA BREISE

Dá mba rud é go ndéanfaí post suimiúil thar lear a thairiscint duit, an bhfágfá do bhaile agus do theaghlach lena aghaidh?

Más rud é go bhfágfadh, cén fáth agus cé na coinníollacha dó? An bhfágfá le haghaidh poist ar bith?

Conas a bheifeá ag aireachtáil faoi dhul i mbun oibre i dtír nua thar d'eolas?

**Obair bhaile**

*Is féidir leis na daltaí freagra a thabhairt ar na ceisteanna seo le breis taighde agus feidhm a bhaint astu dá réir mar thascanna le scríobh amach sa bhaile.*

# MIONÚIR GAN TIONLACAN

**Uainiú: 45 nóiméad**

**Molta i gcóir aois 12 - 14, agus indéanta d'aois 15 - 18 freisin**

**Cuspóirí**

- A bheith in ann cur síos a dhéanamh ar cad iad mionúir gan tionlacan
- Labhairt faoi chásanna a thagann ar leanaí den aoisghrúpa céanna nuair a éiríonn siad ina mionúir gan tionlacan
- Na deacrachtaí a bhaineann le bheith scartha ón teaghlach a phlé

**Riachtanais**

- 4 ghrianghraf (a chuirtear ar fáil sa trealamh uirlisí)
- Achoimrí gearra faoi na mionúir gan tionlacan a ghlac na grianghraif

## PAS 1 TUISCINT

*Mínigh cad is brí leis an téarma 'Mionúr gan Tionlacan'. (Féach na Sainmhíniúcháin Bhunúsacha).*

*Fiafraigh de na daltaí conas a d'aireodh siad faoina dtuismitheoirí ná a gcairde i dtír iasachta. Cad iad na nithe dearfacha/diúltacha? Iarr orthu an bóthar fada agus crua I d'aonar a shamhlú agus conas a bheadh sé gan fhios agat cad a bhí i ndán duit.*

**ROGHA**

*Spreag na daltaí chun a fháil amach faoi chás mionúr gan tionlacan ina dtír féin agus faoi thionscadail chun cabhrú leo. B'fhéidir gur mhaith le daltaí áirithe a bheith ina gcairde pinn acu.*

## PAS 2 SCRÍOBH CAIDHPROGHANNA

*Déan an rang a roinnt ina cheithre grúpaí. Taispeáin na 4 grianghraif (formáid A4) a ghlac mionúir gan tionlacan.[4]*

*Iarr ar gach grúpa grianghraf amháin a roghnú agus lig dóibh míniú cén fáth ar roghnaigh siad na grianghraif seo. Ba cheart do gach grúpa ansin eochracha eolais/caidhproghanna a chumadh dá gcuid grianghraf agus iad a chur i láthair an ranga. Tá de cheart ag grúpaí eile tuairimí a nochtadh nó malairt eochracha eolais a mholadh.*

*Ansin, léigh amach na heochracha eolais a bhí leis na grianghraif ar dtús 28 agus déan achoimre ar scéalta beatha na ngrianghrafadóirí (a thugtar anseo thíos).*

## PAS 3 SCRÍOBH CÁRTAÍ POIST

*Each pupil should choose one photo and use it as a basis to write a short post card from the viewpoint of an unaccompanied minor, writing to their parents or to a friend at home. They should mention emotions, integration issues, administrative status, etc.*

## PAS 4 OBAIR BHAILE NÓ RANG

*Malartaíonn na daltaí cártaí poist agus scríobhann ar ais dá chéile ó dhearcadh an teaghlaigh nó an charad thiar sa bhaile.*



[4] Foinse Tionscadal 'Transparency' Photovoice. Is eagraíocht é Photovoice a mbíonn ceardlanna grianghrafadóireachta ar siúl aige le haghaidh grúpaí beagdheise ar fud an domhain, chun cabhrú leo modhanna chun iad féin a chur in iúl a fhorbairt. Chun breis eolais a fháil, gabh go: http://www.photovoice.org/html/galleryandshop/photogalleries/index.htm

## BEATHAISNÉISÍ NA nGRIANGHRAFADÓIRÍ

### FLORIAN, 17, AN RÓMÁIN

"Is as an Rómáin dom. Is minic a bhím ag smaoineamh ar mo thír dhúchais - is álainn an áit í. Bím ag smaoineamh ar mo chairde, ar mo mhuintir agus ar an áit. Tá mé anseo i m'aonar le 8 mí anuas agus tá cónaí orm in óstán. Téim ar scoil gach lá chun an teanga a fhoghlaim. Tar éis na scoile, téim go rang rince, tá rince nua-aimseartha agus rince Turcach á bhfoghlaim agam. Is breá liom a bheith ag caint le mo chairde agus dul go dtí an dioscó toisc go dtaitníonn sé liom bualadh le daoine nua. Is í Britney Spears an fonnadóir is fearr liom agus is grá liom ceol agus scríobh amhrán – casaim an bosca ceoil agus na méarchláir. Tar éis dom an teanga a fhoghlaim, ba mhaith liom dul i mbun staidéir agus gabháil le léiriúchán stiiúideo."




**COMHARTHA CEISTE le Florian**
Anseo ní heol dom cé mé.
Is eol dom m'ainm agus rudaí eile ach níl a fhios agam cad atá á dhéanamh agam anseo.
I mo theanga féin, d'fhéadfainn iomaí rud a insint duit mar gheall orm féin ach is deacair liom labhairt ina dteanga siúd.




**BRIONGLÓID le Florian**
Bhí mé i dteach carad liom agus chas siad ceol de chuid na Tuirce agus thosaigh sí ag rince. Is maith liom cuma na brionglóide ar a gnúis.

---

### HAWDIN, 17, AN IARÁIC

"Hawdin is ainm dom. Is teifeach mé. Is as Kirkuk, cúige san Iaráic, dom. Tá cónaí orm san Eoraip faoi láthair. Le linn an chogaidh idir an Iaráic agus an Iaráin, maraíodh m'athair. D'éag mo mháthair in 2001 i ndiaidh tinnis. Níl agam ach aon deirfiúr - tá sise pósta san Iaráic.

Bhí mé san Iaráic mar a raibh cónaí orm le huncail ar thaobh m'athar i bhfad ar shiúl ó aon choimhlint pholaitiúil agus ó fhadhbanna. Bhí mé ag gabháil le cailín. Bhí mé go mór i ngrá léi. Shíl mé an saol di. Dá mba rud é nach mbeinn in ann í a fheiceáil ar feadh lae, d'aireoinn go hainnis agus go héadóchasach amach is amach. Bhíodh an-chuid á roinnt idir an bheirt againn agus rinne muid machnamh faoi chónaí le chéile agus beatha aoibhinn a cheapadh sa saol seo. Ach ní ligfeadh réimeas an deachtóra Saddam dom mo shaol a cheapadh




**MO CHARA le Hawdin**
Seo mo chara 'Bomi'. Cheannaigh mé é de bharr go bhfuil cónaí orm i m'aonar agus go mbíonn cairde uaim. Uaireanta, bím ag caint leis. Ní bhíonn seisean ag caint liomsa.

agus chaill mé mo dhúil is mo dhóchas uile. De bharr a bheith ag cabhrú leis an bpáirtí Coirdíneach agus a bheith ag obair dóibh, gabhadh agus céasadh mé ar feadh 8 lá ag réimeas na hIaráice. Scaoil m'uncail saor ar smachtbhannaí mé.

15 lá i ndiaidh mo ghafa, gabhadh m'uncail agus thug mé teitheadh mar sin i dtreo na hEoropa. D'fhág mé an Iaráic agus chuaigh chun na Siria gur fhan mé ann 25 lá, ansin cuireadh go hIostanbúl ar leoraí mé, d'fhan mé ann 7 lá agus ansin chuaigh mé ar leoraí eile. Bhí am dona agam - níor ith mé ach 4 babhtaí, gan a bheith ag codladh, gan a bheith ag aireachtáil go maith. Chuaigh mé ar leoraí eile agus ní fhaca mé solas an lae go dtí trí lá ina dhiaidh sin. Bhí cúrsaí ina n-anord i gceart agus thar a bheith míchompordach. Theastaigh uaim a bheith marbh. Tar éis 3 lá, dúradh liom go raibh mé sa bhaile is mó san Eoraip. Bhí mé thar a bheith tuirseach agus gan a fhios agam cad a dhéanfainn. Threoraigh an gníomhaire i dtreo na n-údarás imirce agus d'fhág i m' aonar mé. Rinne mé iarratas ar thearmann agus caitheadh go han-umhal liom."

## TATIANA,18, ANGÓLA

"Is as Angóla dom. Tá 18 bhliain slánaithe agam agus tá mé díreach tar éis an tír seo a bhaint amach. Tugann an tír seo an-chuid rudaí maithe nua dom agus tá mé thar a bheith sona agus buíoch dá bharr.

Cé go n-airím uaim rudaí áirithe ó mo thír féin, tá rudaí eile ann agus ní airím uaim ar chor ar bith iad. Ach is aisteach an rud é toisc uaireanta nach n-airím sona mar a bhíonn an chuid is mó de mo chairde. Níl a fhios agam cén fáth. Ba mhéanar liom a bheith mar chách ach ní mar sin a bhím ag aireachtáil.

Is deacair a dhéanamh amach cad a dhéanfaidh mé amach anseo toisc go dtugann gach duine malairt comhairle duit. Ba spéis liom gabháil le teangacha ach taitníonn ranganna éagsúla sa choláiste ar nós amharclainne, ceoil agus - ar ndóigh -grianghrafadóireachta, liom freisin."




**CUISNEOIR FOLAMH le Tatiana**
Ghlac mé é seo i mo sheomra. Níl rud ar bith níos measa ná gan bhia a bheith i do chuisneoir agat.

# TEARMANN AGUS IMIRCE SNA MEÁIN

**Uainiú: 45 nóiméad**

**An uile aois**

**Cuspóirí**

- Tuiscint a léiriú ar íomhá na hEorpa ó dhearcadh imirceach agus teifeach de.

- Smaointeoireacht chriticiúil a léiriú faoin méid a chloiseann tú agus a léann tú sna meáin faoi theifigh agus faoi imircigh.

**Riachtanais**

- Sliocht ó na meáin ón inneal DVD

## PAS 1

*Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí:*

*1. Conas a chuireann an Eoraip í féin i láthair an domhain mhóir? Déan machnamh faoi na meáin, faoi thurasóireacht, faoi theilifís agus faoi fhógraíocht. (Ma bhíonn dóthain ama agat, tabhair an deis do na daltaí taighde a dhéanamh faoi seo).*

*2. An bhfeiceann imircigh an Eoraip mar 'El Dorado' nó mar 'dhaingean na hEorpa'? Cad is brí leis na téarmaí seo? (Má bhíonn dóthain ama agat, tabhair an deis do na daltaí taighde a dhéanamh faoi seo).*

**Téarmaí as a mbaintear leas go minic sna meáin ná:**
Focal Spáinnis é El Dorado a bhfuil an bhrí leis 'an ceann órga'. tagann sé ó scéalta na nIndiach i Meiriceá Theas ina raibh trácht ar chathair óir. Bhain coilínithe de chuid na Spáinne leas as an téarma ar dtús agus iad ag iarraidh an chathair seo lán saibhris a bhaint amach. Sa lá atá inniu ann, is minic a bhaintear leas as an téarma chun cur síos ar áit mhiotasach ag cur thar maoil le rachmas agus gustal.

Is téarma 'e Daingean na hEorpa a dhéanann tagairt don rialú breise ar theorainneacha na hEorpa in iarracht chun sruth na himirce a laghdú.

*3. Cad a bhíonn ag tarraingt imircigh agus teifigh don Eoraip?*

*Iarr ar na daltaí smaoineamh ar chúiseanna a bhíonn ag brú imirceach agus teifeach chun a dtíortha dúchais a fhágáil (fachtóirí brú) agus ansin ar chúiseanna a bhíonn á dtarraingt chun na hEorpa (fachtóirí tarraingthe).*

*Ó thaobh na bhfachtóirí tarraingthe, cuirtear liosta ar fáil anseo thíos. Is féidir leat téarmaí eile a chur leis agus na téarmaí agus a mbrí a mhíniú do na daltaí.*

*Ba cheart do dhaltaí míniú cén fáth a bhféadfadh gach ceann de na téarmaí seo a bheith ina 'fhachtóir tarraingthe' maidir leis an imirce nó ian riachtanas ar mhaithe le cosaint teifeach. ba cheart dóibh a gcuid tuairimí a mhíniú freisin: ar léigh siad é seo in áit éigin? An é seo a ndeir daoine go hiondúil? An bhfuil aon taithí acu féin air? An bhfuil seo ar eolas go hindíreach acu ó dhuine lenar chas siad? srl.*

daonlathas
caighdeáin mhaireachtála arda
sábháilteacht
cúram sláinte
ceart comhionanna
oideachas
síocháin
cearta daonna
pósadh
léann




## PAS 2 AG SCRÍOBH SCÉALTA DE DO CHUID FÉIN (30 nóiméad)

*Taispeáin an tsraitheog físeáin (2 nóiméad) sa DVD. Taispeánann an físeán sraith íomhánna (gan tráchtaireacht) d'imircigh agus de theifigh ag teacht i láthair traochta ar bháidín ar chósta oileán Lampedusa, ceann de na teorainneacha is faide ó dheas san Eoraip.*

*Déan an rang a roinnt ina thrí grúpaí: Iarrtar ar gach ceann de na grúpaí tráchtaireacht a scríobh a oireann do na híomhánna san fhíseán.*

*Ba cheart na híomhánna san fhíseán a thaispeáint in athuair de réir mar a bhíonn an tráchtaireacht á scríobh acu. Ba cheart stíl shonrach scríbhneoireachta ar leith a thabhairt do gach grúpa:*

- *téacs le hiriseoir a mbaineann mídhaonnacht an cháis geit as*
- *téacs le hiriseoir atá naimhdeach roimh dhaoine atá ag teacht thar lear*
- *téacs le hiriseoir atá ag déanamh tráchtaireachta ar na fíricí trí iarracht a dhéanamh a bheith gan chlaonadh agus an comhthéacs ar fad a léiriú.*

*Dáil nó léigh amach na pointí seo a leanas, a d'fhéadfadh cabhrú leo chun a gcuid tráchtaireachtaí a scríobh:*

- *Cé go bhfuil ardú tagtha ar an líon imirce neamhrialta agus teifeach ag teacht thar (meastar idir 20 go 50 míle ag teacht in aghaidh na bliana faoi láthair), níl sa mhéid seo ach cuid bheag den imirce iomlán chun na hEorpa.*
- *Tagann a lán teifeach agus imirceach neamhrialta isteach don Eoraip trí theorainneacha an AE Thoir.*
- *Ach tagann an chuid is mó d'imircigh neamhrialta chun an AE isteach go dleathach agus ansin fanann siad thar thréimhse a víosaí.*

*Nuair a bheidh na tráchtaireachtaí scríofa síos, beidh ar dhuine den ghrúpa í a léamh amach os comhair an ranga leis na híomhanna ar siúl san am céanna.*

## PAS 3 ACHOIMRIÚ

*Pléigh leis an ngrúpa cé go bhfuil na híomhánna mar an gcéanna, go bhfuil na sléibhte féin idir na tráchtaireachtaí. Mínigh gur ar iomaí slí isr féidir le daoine breathnú ar an rud céanna ar iomaí bealach agus gur minic a bhíonn a bhfeiceann agus a gclolseann muid sna meáin suibiachtúil seachas díreach fíorasach.*

*Pléigh an méid a dúradh agus na téarmaí ar baineadh leas sna tráchtaireachtaí astu freisin. Más féidir é, déan iarracht measúnacht a dhéanamh ar cé na focail ar baineadh leas astu i gcomhar leis na híomhánna. Cén cineál míniúcháin a léiríonn siad? Conas a théann an gaol idir focail agus íomhánna i bhfeidhm ar ár gcuid smaointe agus faoi mar a thuigeann agus a fheiceann muid imirce agus tearmann sna meáin?*

**Obair bhaile**

*Faigh alt faoi imirce nó faoi thearmann agus iarr ar na daltaí an friotal ann a scrúdú agus a phlé.*

# GÁINNEÁIL AGUS SMUIGLEÁIL

**Uainiú: 45 nóiméad**

**Aoisghrúpa 15 - 18**

**Tabhair faoi deara :** *Tá ábhar íogair sa cheacht seo.*

**Cuspóirí**

- Na rioscaí a bhíonn os comhair imirceach agus teifeach agus iad ag iarraidh saol níos fearr nó sábháilteacht a bheith acu a thuiscint.
- Labhairt faoin eagla, faoin gcontúirt agus faoin dúshaothrú atá i gceist i ngáinneáil agus i smuigleáil.
- An difríocht idir gáinneáil agus smuigleáil a thuiscint.


**Riachtanais**

- Inneal DVD le Teilifís no Ríomhaire Pearsanta nó Teilgeoir agus Scáileán.

## PAS 1 AN DIFRÍOCHT IDIR GÁINNEÁIL AGUS SMUIGLEÁIL

*Cuir tús leis trí iarraidh ar na daltaí míniú ina bhfocail féin cén difríocht atá ann idir gáinneáil agus smuggling is.*

Ansin, mínigh na coincheapanna, ag baint leasa as an réamheolas, as na Sainmhíniúcháin Bhunúsacha agus as an léaráid anseo thíos:




Ba cheart duit a mhíniú freisin gur smuigléirí iad gach uile dhuine a chabhraíonn le daoine chun dul trasna teorainneacha. Cabhraíonn daoine áirithe le himircigh agus le teifigh chun dul trasna teorainneacha ar mhaithe le cúrsaí daonnúlachta, mar shampla, chun cabhrú leo áit shábháilte a bhaint amach nó áit inar féidir leo an chabhair atá uathu.a fháil. Daoine nach mbíonn ag iarraidh brabús a dhéanamh agus nár cheart iad a shonrú mar 'smuigléirí'.

## PAS 2 SCÉAL MHANDY

*Iarr ar dhuine den rang an téacs seo a léamh amach: scéal mná 19 mbliain d'aois as Camarún.*

**Léamh an téacs duit féin ar dtús le do thoil gan é a thabhairt do dhuine éigin a d'fhéadfadh a bheith míchompordach á léamh.**

*Sea, tá mé réidh le labhairt anois, beagán ar a laghad, faoin méid a thit amach. Níl sé éasca dom é a dhéanamh ach b'fhéidir go gcabhródh mo scéal le daoine, tá súil agam ó mo chroí amach go gcabhróidh.*

*Chas mé leis an diúlach seo, Pádraig, nuair a bhí mé ag scimeáil ar an Idirlíon in 2000. Bhí mé 19 mbliana d'aois. Dúirt cara liom go raibh a uncail i ndiaidh caife idirlín a oscailt agus go raibh duine ag obair ann chun cabhrú le cailíní óga chun fir chéile bhána, fir chéile dáiríre, a aimsiú.*

*Is mar sin a chuir mé eolas ar Phádraig. Ceithre mhí ina dhiaidh sin, tháinig sé chun é féin a chur in aithne do mo mhuintir. Chuaigh sé ar ais don bhaile ar feadh dhá mhí agus ansin d'fhill sé chun mé a phósadh. D'iarr mé cáipéisí taistil ag halla an bhaile agus san ambasáid. Trí mhí ina dhiaidh sin, tar éis mo víosa a fháil, d'fhág muid mo thír féin le chéile. Ar dtús bhí cuma choitianta ar chúrsaí. Bhí gach uile rud nua domsa. B'é an chéad iarraidh a bhí mé san Eoraip é.*

*Tháinig muid go teach álainn. Dúirt sé liom go gcasfadh muid le cairde dá chuid an oíche sin i gcóir teacht le chéile dom féin. An lá ceannan céanna thóg sé mo phas uaim mar dhóigh de go raibh air tús a chur le nósanna imeachta chun go mbeinn in ann cónaí a bhaint amach.*

*Níor thuig mé cad a bhí ar siúl an oíche sin. Thug siad isteach i seomra mé. Níor aithin mé aon duine. Bhí mé fós ag ceapadh go mb oíche aoibhinn agam. Ach, an chéad oíche seo "sa bhaile", rinne an oiread sin oiread sin fear agus bean mé a choilleadh is nach bhfuil a fhios agam fiú cén méid acu a bhí i gceist.*

*Bhí mé ag cur fola agus briste. Shil mé uisce mo chinn ach ba ribín réidh é sin le hais an mhéid a thit amach ina dhiaidh sin. Bhí mé i mo phríosúnach, ní raibh mé in ann briseadh amach. Ní raibh mé in ann éalú ón drochúsáid ghnéasach seo. D'íoc na daoine airgead leis na daoine a ghabh mé agus nuair nach raibh mé sásta an méid a theastaigh óna gcliaint a dhéanamh, rinne siad mé a lascadh. Conas a d'fhéadfadh siad é seo a dhéanamh? Bhí siad mar a bheadh beithígh. Conas a d'fhéadfadh siad? Mhair sé seo ar feadh naoi de mhíonna. Rinne siad faire orm de ló is d'oíche.*

*Tharla lá go raibh mé i mbialann. Chuala mé daoine ag labhairt as Ewondo, mo chanúint féin, b'as Camarún dóibh! Níor thug mo ghardaí aon aird orm nuair a chas mé amhrán i mo chanúint áitiúil féin. Chabhraigh sé seo liom chun na daoine sa bhialann a chur ar an eolas faoi mo chás sula dtabharfaí ar ais don teach mé.*

*Dhá sheachtain ina dhiaidh sin, chuala mé bonnáin amuigh ar an sráid. Thosaigh mé ag caoineadh agus ag screadadh mar a bheadh gealt mná. Ina dhiaidh sin, ní cuimhin liom ach a bheith ag dúiseacht san ospidéal. Ina dhiaidh sin arís bhí triail ann. Dá bharr seo, scaoileadh saor beirt chailíní eile, a éigníodh isteach sa striapachas freisin. Thug muintir Chamarúin, a shábháil mo bheatha, aire dom agus chabhraigh liom n teacht chugam féin arís.[5]*

*Lig do na daltaí an scéal deacair seo a léamh agus tuairimí a nochtadh faoi agus mínigh i mbeagán focal cad is dúshaothrú ann.*



[5] Leagan ciorraithe de scéal Mhandy ón scannán/gclár faisnéise NordSud.com le Francois Ducat, 2008



## PAS 3 SCÉAL REAN

*Breathnaigh ar an sliocht as portráid Rean ina bpléann sí a turas chun na hEorpa.* Tá an sliocht le fáil i roghchlár an DVD faoi "gáinneáil agus smuigleáil".

*Tar éis breathnú ar an sliocht, iarr ar na daltaí míniú a thabhairt ar cén sampla (Mandy nó Rean) a labhrann faoi gháinneáil agus cén ceann a labhrann faoi smuigleáil.*

## PAS 4 NA MOTHÚCHÁIN ISTIGH

*Taispeáin an dá ghrianghraf le haghaidh an cheachta seo don rang (íomhá de thrucail le daoine i bhfolach inti agus de bhád ag cur thar maoil le himircigh agus le teifigh).*

*Mínigh nach féidir a rá ó na ghrianghraif cé acu gáinneáil nó smuigleáil atá ar siúl nó díreach cabhrú le duine dul trasna teorann ar chúiseanna daonnúlachta, ní féidir ach leis na scéalta féin sin a rá…*

*Mínigh freisin gur féidir le haon duine dul trasna teorann ar bhealach gan a bheith chomh hiomarcach (trí leas a bhaint as cáipéisí bréige nó as víosa turasóra agus fanacht ansin tar éis dá thréimhse dul ar éag). Ach sna cásanna seo uile, go mbíonn imircigh neamhrialta leochaileach agus go bhféadfadh go mbainfeadh contúirt dóibh.*

*Iarr ar na daltaí suí síos i ngrúpaí agus cur síos gairid a bhreacadh faoi conas a bheadh siad ag aireachtáil dá mba dhuine de na himircigh nó de na teifigh sna grianghraif iad. Bíonn orthu leas a bhaint as na focail eagla, dúshaothrú agus contúirt sa mhéid a scríobhann siad. Is féidir leis na daltaí beartú na téacsanna a scríobh ar leith nó i ngrúpaí.*

*Iarr ar roinnt de na daltaí a dtéacs a léam h amach os comhair an ranga. Ba cheart do na daltaí eile na téacsanna seo a phlé.*



©APF



©UNHCR / L. Boldrini

# NAISC

International Organisation for Migration (IOM)
*www.iom.int*
Rue Montoyer 40
1000 Brussels
Belgium

United Nations High Commissioner for Refugees (UNHCR)
*www.unhcr.org*
Rue van Eyck 11b
1050 Brussels
Belgium

| | |
|---|---|
| *European Commission* | *http://ec.europa.eu* |
| *European Parliament* | *http://www.europarl.europa.eu* |
| *ICRC - International Committee of the Red Cross* | *http://www.icrc.org* |
| *Council of Europe* | *http://www.coe.int* |
| *UN* | *http://www.un.org* |
| *European Youth Forum* | *http://www.youthforum.org* |
| *European Youth Portal* | *http://europa.eu/youth* |
| *Against all Odds: educational game about refugees* | *http://www.playagainstallodds.com/* |
| *JRS* | *www.jrs.net* |
| *December 18th* | *http://www.december18.net* |
| *Human Rights Watch* | *http://hrw.org* |
| *Amnesty International* | *http://www.amnesty.org* |
| *Migrants Rights International* | *http://www.migrantwatch.org* |
| *Platform for International Cooperation on Undocumented Migrants* | *http://www.picum.org* |
| *European Council on Refugees and Exiles* | *http://www.ecre.org* |
| *Refugee Education Trust* | *http://www.r-e-t.com* |
| *Eurasylum* | *http://www.eurasylum.org* |
| *MPG - Migration Policy Group* | *http://www.migpolgroup.com* |
| *Migration Policy Institute* | *http://www.migrationpolicy.org* |
| *Forced Migration Online* | *http://www.forcedmigration.org* |

**Belgique/België**

| | |
|---|---|
| Centre d'égalité des chances | www.diversite.be |
| Centrum voor gelijkheid van kansen en voor racismebestrijding | www.diversiteit.be |
| Commissariat général aux refugiés et aux apatrides | www.cgra.org |
| Commissariaat generaal voor de Vluchteligen en de Staatlozen | www.cgvs.be |
| FEDASIL | www.fedasil.be |

**Ceska republicka**

| | |
|---|---|
| Sdružení pro integraci a migraci | http://www.uprchlici.cz/ |
| OPU | www.opu.cz |
| SOZE | www.soze.cz |
| Ministerstvo vnitra Česke Republicky | www.mvcr.cz |

**Deutschland**

| | |
|---|---|
| Bundesamt für Migration und Flüchtlinge | www.bamf.de |
| Zuwanderung | www.zuwanderung.de |
| Das Integrationsportal | www.integration-in-deutschland.de |

**Eesti**

| | |
|---|---|
| Kodakondsus- ja Migrastiooniamet | www.mig.ee |
| Eesti Migratsioonifond | www.migfond.ee |
| Inimkaubanduse ennetamine: metodologia tööks noortega | http://iom.fi/content/view/35/47/#Prevention_2005 |
| Käsikäes: Pagulaste ja varjupaigataotlejate laste integreerimine Eesti haridussüsteemi | http://www.meis.ee/est/raamatukogu/?view=view&ID=178 |

**Ελλάδα**

| | |
|---|---|
| Ινστιτούτο Μεταναστευτικής Πολιτικής | www.imepo.gr |
| UN Greece | www.ungreece.org |

**España**

| | |
|---|---|
| Comisión española de Ayuda al Refugiado | www.cear.es |
| Ministerio de Trabajo e Inmigración | www.mtin.es |
| Ministerio de Interior | www.mir.es |

**France**

| | |
|---|---|
| Ministère de l'immigration, de l'intégration, de l'identité nationale et du développement solidaire | http://www.immigration.gouv.fr |
| Office français pour la protection des refugiés et des apatrides | http://www.ofpra.gouv.fr/index.html |

**Ireland/Eire**

| | |
|---|---|
| National Action Plan Against Racism | http://www.diversityireland.ie/ |
| Forum on Migration and Communication | http://www.fomacs.org |

**Italia**

| | |
|---|---|
| Ministero dell'Interno | www.interno.it |
| Consiglio Italiano per i Rifugiati | www.cir-onlus.org |

**Κύπρος**

| | |
|---|---|
| Υπηρεσίας Ασύλου | http://www.moi.gov.cy/MOI/asylum/Asylum.nsf/DMLindex_gr/DMLindex_gr?OpenDocument |

**Latvija**

| | |
|---|---|
| Pilsonības un migrācijas lietu pārvalde | www.pmlp.gov.lv |
| Latvijas valsts mājas lapa par bēgļu lietām | www.refugees.lv |

| | |
|---|---|
| **Lietuva** | |
| Darbaz | www.darbaz.lt |
| Migracijos Informacijos Centras | www.iom.lt/infocentras |
| **Luxembourg** | |
| Ministère des Affaires Etrangères et de l'Immigration | http://www.mae.lu |
| **Magyarország** | |
| Bevándorlási és Állampolgársági Hivatal (BÁH) | http://www.bmbah.hu/ |
| Menedék Migránsokat Segítő Egyeseület | http://menedek.hu/ |
| IOM Közép- és Délkelet-Európai Regionális Képviselete: | www.iom.hu |
| ENSZ Menekültügyi Főbiztosság Közép-Európai Regionális Képviselete: | www.unhcr.hu |
| **Malta** | |
| Koperazzjoni Internazzjonali | www.kopin.org |
| People for change Malta | http://www.pfcmalta.org/ |
| | http://www.pfcmalta.org/teachtheworld.html |
| **Nederland** | |
| VluchtelingenWerk Nederland | www.vluchtelingenwerk.nl |
| Centraal Orgaan opvang asielzoekers | www.coa.nl |
| **Österreich** | |
| Nationaler Kontaktpunkt Österreich im Europäischen Migrationsnetzwerk | www.emn.at |
| Beratungszentrum für Migranten und Migrantinnen | http://www.migrant.at |
| **Polska** | |
| Polskie Forum Migracyjne | http://www.forummigracyjne.org/pl/index.php |
| Polacy za granicą, cudzoziemcy w Polsce | http://www.migracje.gov.pl/ |
| **Portugal** | |
| Ministério da Administração Interna | http://www.mai.gov.pt/ |
| Alto Comissariado para a Imigração e Diálogo Intercultural | http://www.acidi.gov.pt/ |
| **Slovenija** | |
| Slovenska filantropija | http://www.filantropija.org/ |
| Ministrstvo za notranje zadeve | http://www.mnz.gov.si/si/delovna_podrocja/upravno_notranje_zadeve/ |
| **Suomi** | |
| Suomen Pakolaisapu | www.pakolaisapu.fi |
| Pakolaisneuvonta ry | www.pakolaisneuvonta.fi |
| **Slovensko** | |
| Migračné informačné centrum IOM | www.mic.iom.sk |
| Liga za ľudské práva | www.hrl.sk |
| **Sverige** | |
| Webbsida rörande migration | www.migrationsverket.se |
| Regeringens webbsida om asyl | www.regeringen.se |
| UNHCRs webbaserade upplevelse - och kunskapsspel om flyktingar | www.motallaodds.org |
| **United Kingdom** | |
| UK Borders Agency | http://www.bia.homeoffice.gov.uk/ |
| Refugee Council UK | http://www.refugeecouncil.org.uk |
| IOM UK office | www.iomuk.org |


EMBASSY OF INDIA
09 29 03
2-08-87
17 NOV



CONSULATE GENERAL OF THE ISLAMIC REPUBLIC OF IRAN
EMBASSY OF INDIA
VISA
09 29 03
Brazil
2007
MAR 11. 2004
TAIPEI
90 天
VISITOR
IMMIGRATION OFFICER
11 AUG 1977